# Ródhaonra/Róphlódú Daonra

## Obair bheirte/ghrúpa:

Bainigí leas as bhur gcuid nótaí/téacsleabhar chun triail a bhaint as na ceisteanna seo:

1. Sainmhínigh an téarma 'ródhaonra'.
2. Cad is 'daonra barrmhaitheasa' ann, meas sibh?
3. An féidir libh smaoineamh ar chúiseanna go dtarlódh ródhaonra i dtír/réigiún?
4. An bhfuil cur amach agaibh ar aon áit ina bhfuil sé ag tarlú cheana féin?
5. A mhalairt de ródhaonra is ea 'tearcdhaonra'. Cad a chiallaíonn sé sin?
6. Cad iad na cúiseanna le tearcdhaonra, meas sibh?

**Cás-staidéar:**

7. Maidir le Corn na hAfraice, tabhair sampla de thír atá mar chuid den réigiún seo agus liostaigh thíos na cúiseanna agus na hiarmhairtí a bhaineann leis an ródhaonra ann.

Sampla: ________________________

| **Cúiseanna:** | **Iarmhairtí:** |
|---|---|
| • <br> • <br> • <br> • | • <br> • <br> • <br> • |

8. Maidir le do rogha cúis amháin ón liosta thuas, roghnaigh na heochairfhocail agus samplaí/statisticí/fianaise a bhaineann léi agus liostaigh thíos.

- 
- 
- 
- 

- 

9. Maidir le hiarmhairt amháin ón liosta thuas, roghnaigh na heochairfhocail agus samplaí/statisticí/fianaise a bhaineann léi agus liostaigh thíos.

- 
- 
- 
- 
- 

**<u>Cás-Staidéar Eile: Ródhaonra sa Mhuir Aral:</u>**

*Réamhobair: Déan cuardach ar líne – cad iad na pointí eolais is coitianta a luaitear faoin Muir Aral?*

**Cúis**: Ganntanas uisce/Mí-úsáid fhoinse uisce –

- Bhíodh sé mar an 4ú loch is mó ar domhan, tráth dá raibh.
- 1950idí – tionscal mór iascaireachta agus talmhaíochta
- Ansin, an tAontas Sóibhéadach – ag tógáil canálacha chun uisce a threorú ó aibhneacha Amu agus Syr -> ag fás cadáis
- Uisciú ar na milliúin heicteár d'fheirmeacha cadáis
- Titim ar leibhéal uisce sa Mhuir Aral – 13m

**Iarmhairtí**: Mar gheall ar an titim ar leibhéal an uisce –

- Bailte iascaireachta anois suas le 40km ón gcósta
- Dífhostaíocht agus bochtanas - easpa bia agus cailliúint ioncaim turasóireachta
- Pobail anois ródhaonraithe mar gheall ar ghanntanas acmhainní a bhíodh flúirseach uair amháin
- Daoine ag dul ar imirce ó bhailte ar nós Muynak san Uisbéiceastáin, a bhíodh mar bhaile mór turasóireachta ar an gcósta
- An talamh atá fágtha – an iomarca salainn chun feirmeoireacht a dhéanamh

**<u>Ceist Scrúdaithe: Ardleibhéal 2015, c. 10C</u>**

**Déan cur síos, agus tabhair míniú, ar na cúiseanna leis an ródhaonra agus ar na hiarmhairtí a bhaineann leis, agus tagairt agat do shamplaí a bhfuil staidéar déanta agat orthu. [30m]**

Scéim mharcála:

- Cúis aitheanta 2 mharc
- Iarmhairt aitheanta 2 mharc
- Samplaí 2 + 2 mharc
- Cur síos/míniú 11 x PSÁ

Tá scrúdú le déanamh ar an uile chúis agus iarmhairt sa bhreis orthu sin. [Is féidir cúiseanna/iarmhairtí eile a ainmniú, ach is gá na pointí a fhorbairt chun marcanna a fháil.]

Mura ndéantar ach cur síos/míniúchán a thabhairt ar na cúiseanna le ródhaonra: 6 x PSÁ ar a mhéad.

Mura ndéantar ach cur síos/míniúchán a thabhairt ar an iarmhairt atá le ródhaonra: 6 x PSÁ ar a mhéad.

Déan pleanáil ar d'fhreagra – cé na cúiseanna agus na hiarmhairtí a luafaidh tú agus cad iad na heochairfhocail agus pointí eolais a bheidh uait?